AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.7.2026
COM(2026) 414 final

Moladh le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

lena bhformhuinítear plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta na Seicia le haghaidh 2027- 2030
agus lena soiléirítear an tsolúbthacht a cheadaítear faoin gclásal éalaithe náisiúnta in 2027 agus 2028

Moladh le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

lena bhformhuinítear plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta na Seicia le haghaidh 2027- 2030 agus lena soiléirítear an tsolúbthacht a cheadaítear faoin gclásal éalaithe náisiúnta in 2027 agus 2028

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263, agus go háirithe Airteagail 17 agus 26 de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún,

De bharr an mhéid seo a leanas:

BREITHNITHE GINEARÁLTA

(1) Is é is aidhm do chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais[1] airgeadas poiblí atá fónta inbhuanaithe, mar aon le fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht, a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, agus easnaimh iomarcacha rialtais a chosc. Lena chois sin, cuireann sé úinéireacht náisiúnta chun cinn agus díríonn sé níos mó ar an meántéarma agus, ina theannta sin, déantar na rialacha a fhorfheidhmiú ar bhonn níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí.

(2) Na pleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta a chuireann na Ballstáit faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin, tá siad i gcroílár an chreata rialachais eacnamaíoch. Ba cheart dhá chuspóir a bhaint amach leis na pleananna: i) faoi dheireadh na tréimhse coigeartúcháin, a áirithiú, *inter alia*, go mbeidh fiachas rialtais ghinearálta ar chonair inchreidte anuas, nó go bhfanfaidh sé ar leibhéil stuama, agus go dtabharfar agus go gcoinneofar an t-easnamh rialtais faoi bhun luach tagartha 3 % de OTI sa mheántéarma, agus (ii) a áirithiú go soláthrófar athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagrófar ar na príomhdhúshláin arna sainaithint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus lena dtabharfar aghaidh ar thosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais. Chuige sin, ba cheart gealltanas meántéarmach maidir le huasrátaí fáis glanchaiteachais a chur isteach i ngach plean[2], lena mbunaítear sriantacht buiséid ar

[1] Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj), mar aon le Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L 209, 2.8.1997, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1997/1467/2024-04-30), agus Treoir 2011/85/AE ón gComhairle an 8 Samhain 2011 maidir le ceanglais le haghaidh creataí buiséadacha na mBallstát (IO L 306, 23.11.2011, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/85/2024-04-30).

[2] Glanchaiteachas, mar a shainmhínítear é in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2024/1263, is é sin caiteachas rialtais atá glan (i) ar chaiteachas úis, (ii) ar bhearta lánroghnacha ioncaim, (iii) ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, (iv) ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas, (v) ar eilimintí timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus (vi) ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

feadh ré an phlean, lena gcumhdaítear 4 nó 5 bliana (ag brath ar ghnáth-théarma an reachtais i mBallstát ar leith). Ina theannta sin, ní mór míniú a thabhairt sa phlean ar an gcaoi a n-áiritheoidh an Ballstát go soláthrófar athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagrófar ar na príomhdhúshláin arna sainaithint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe sna moltaí tírshonracha (lena n-áirítear na moltaí sin a bhaineann leis an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha), agus ar an gcaoi a bhfuil sé beartaithe ag an mBallstát aghaidh a thabhairt sa phlean ar thosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais. Leis an tréimhse le haghaidh coigeartú fioscach, cumhdaítear 4 bliana, is é sin tréimhse a bhféadfar síneadh suas le 3 bliana a chur léi má thugann an Ballstát gealltanas i leith sraith athchóirithe agus infheistíochtaí ábhartha a sholáthar a chomhlíonann na critéir a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1263.

(3) Tar éis thíolacadh an phlean, déanfaidh an Coimisiún measúnú cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann sé ceanglais Rialachán (AE) 2024/1263.

(4) Déanfaidh an Chomhairle, ar mholadh a fháil ón gCoimisiún, moladh a ghlacadh ansin chun uasrátaí fáis glanchaiteachais an Bhallstáit lena mbaineann sa mheántéarma a shocrú agus, i gcás inarb infheidhme, chun an tsraith gealltanas athchóirithe agus infheistíochta a fhormhuiniú, gealltanais atá ina mbonn taca faoi shíneadh a chur leis an tréimhse coigeartúcháin fhioscaigh.

PRÓISIS GHAOLMHARA, LENA nÁIRÍTEAR AN CHONAIR GHLANCHAITEACHAIS A MOLADH ROIMHE SEO

(5) An 21 Eanáir 2025, ghlac an Chomhairle moladh lena bhformhuinítear plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta na Seicia[3]. An 8 Iúil 2025, arna iarraidh sin don tSeicia an clásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú chun freastal ar chaiteachas cosanta níos airde, ghlac an Chomhairle moladh[4] lena gceadaítear don tSeicia imeacht ó na huasrátaí fáis glanchaiteachais a mholtar i Moladh C/2025/666 ón gComhairle, le haghaidh an tréimhse 2025-2028.

(6) An 3 Meitheamh 2026, mar chuid de phacáiste an Earraigh 2026 den Seimeastar Eorpach, rinne an Coimisiún measúnú ar chomhlíontacht na Seicia leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais[5]. Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, bhí ráta fáis carnach an ghlanchaiteachais in 2025, *i.e.* agus 2024 agus 2025 á mbreithniú le chéile, faoi bhun an uasráta fáis glanchaiteachais a mhol an Chomhairle an 21 Eanáir 2025. In 2026, ba mhó an fás glanchaiteachais réamh-mheasta i dtéarmaí carnacha le linn 2024, 2025 agus 2026 ná an t-uasmhéid a moladh faoi 0,1 % de OTI. Mar sin féin, tá an diall réamh-mheasta laistigh den tsolúbthacht dá ndéantar foráil leis an gclásal éalaithe náisiúnta bunaithe ar réamh-mheastacháin reatha maidir le caiteachas cosanta (féach Tábla 3 freisin). Dá réir sin, measadh gur chomhlíon an tSeicia an t-uasráta fáis

[3] Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach na Seicia, IO C, C/2025/666, 10.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/666/oj.

[4] Moladh ón gComhairle an 8 Iúil 2025 lena gceadaítear don tSeicia imeacht ó na huasrátaí fáis glanchaiteachais mar atá leagtha síos ag an gComhairle faoi Rialachán (AE) 2024/1263 (An clásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú), IO C, C/2025/3962, 20.8.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3962/oj).

[5] Ós rud é go dtairbhíonn an tSeicia de sholúbthacht faoin gclásal éalaithe náisiúnta, díríodh sa mheasúnú ar chomhlíontacht ar an gcomparáid idir an fás glanchaiteachais agus na huasrátaí fáis glanchaiteachais mar a mhol an Chomhairle i dtéarmaí carnacha.

glanchaiteachais molta in 2025, agus réamh-mheastar go mbeidh sí comhlíontach in 2026[6].

(7) An 8 Iúil 2025 chuir an Chomhairle sraith moltaí tírshonracha faoi bhráid na Seicia i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh[7]. Tar éis an plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta athbhreithnithe a ndearnadh measúnú air sa Mholadh seo a chur isteach, an 10 Iúil 2026, chuir an Chomhairle sraith nua moltaí tírshonracha faoi bhráid na Seicia[8].

BREITHNITHE A BHAINEANN LE PLEAN STRUCHTÚRACH FIOSCACH MEÁNTÉARMACH NÁISIÚNTA NA SEICIA

(8) De réir Airteagal 15(2) de Rialachán 2024/1263, i gcás rialtas nuacheaptha, féadfaidh na Ballstáit plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta athbhreithnithe a chur isteach. Tar éis olltoghchán sa tSeicia an 3 agus an 4 Deireadh Fómhair 2025, bunaíodh rialtas nua an 15 Nollaig 2025. An 22 Meitheamh 2026, chuir an tSeicia plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta athbhreithnithe (dá ngairtear ‘an plean’ anseo feasta) faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin. Cumhdaítear leis an bplean an tréimhse ó 2027 go dtí 2030.

An próiseas sular tíolacadh plean mhí an Mheithimh 2026

(9) Sular tíolacadh a plean, d’iarr an tSeicia faisnéis theicniúil[9], a chuir an Coimisiún ar fáil de réir Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) 2024/1263, an 28 Bealtaine 2026, agus a d’fhoilsigh sé an 22 Meitheamh 2026[10]. San fhaisnéis theicniúil, tugtar le fios an comhardú príomha struchtúrach in 2030 a mheastar is gá chun a áirithiú go gcoinneofar an t-easnamh rialtais ghinearálta faoi bhun 3 % de OTI sa mheántéarma agus go bhfanfaidh an t-ollfhiachas rialtais faoi bhun 60 % de OTI sa mheántéarma, in éagmais bearta buiséadacha breise tar éis na tréimhse coigeartúcháin 4 bliana. Sainmhínítear an meántéarma mar an tréimhse 10 mbliana tar éis dheireadh na tréimhse coigeartúcháin. Ullmhaíodh agus tarchuireadh an fhaisnéis theicniúil chuig

---

6 COM(2026) 200 final agus Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin SWD(2026)200, ‘Táblaí staidrimh fioscacha ina soláthraítear sonraí cúlra atá ábhartha maidir leis an measúnú ar bheartais bhuiséadacha na mBallstát’, 3.6.2026.

7 Moladh ón gComhairle maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Seicia, IO C, C/2025/3977, 20.8.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3977/oj.

8 Moladh ón gComhairle maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Seicia, IO C, C/2026/XXXX, XX.X.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/20XX/XXXX/oj.

9 Leis an treoraíocht a tarchuireadh roimh ré chuig na Ballstáit agus chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais, cuimsítear faisnéis theicniúil i) ina bhfuil síneadh leis an tréimhse choigeartúcháin agus gan síneadh léi (lena gcumhdaítear 4 bliana agus 7 mbliana, faoi seach) agus ii) ina bhfuil coimirce athléimneachta easnaimh agus gan an choimirce sin. Cuimsítear inti freisin na príomhchoinníollacha tosaigh agus na toimhdí bunúsacha a úsáidtear i gcreat réamh-mheasta fiachais rialtais mheántéarmaigh an Choimisiúin. Ríomhadh an fhaisnéis theicniúil ar bhonn na modheolaíochta a thuairiscítear i *dTuarascáil Faireacháin an Choimisiúin ar Inbhuanaitheacht an Fhiachais 2023* (https://economy-finance.ec.europa.eu/publications/debt-sustainability-monitor-2023_ga) agus na mionchoigeartuithe a rinneadh uirthi ina dhiaidh sin a comhaontaíodh ag an Meitheal um Anailís ar Inbhuanaitheacht an Fhiachais. Is ar Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún Eorpach agus ar a síneadh meántéarmach suas go dtí 2035 atá sé bunaithe, agus tá fás fadtéarmach OTI agus na costais aosaithe i gcomhréir le *Tuarascáil chomhpháirteach 2024 maidir le hAosú* ón gCoimisiún agus ón gComhairle (https://economy-finance.ec.europa.eu/publications/2024-ageing-report-economic-and-budgetary-projections-eu-member-states-2022-2070_ga).

10 https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-surveillance-eu-member-states/country-pages-including-country-reports/czechia/fiscal-surveillance-czechia_ga

an mBallstát sa dá chás seo a leanas: cás lena n-áirítear comhsheasmhacht leis an gcoimirce athléimneachta easnaimh[11], i gcomhréir le hAirteagal 9(3) de Rialachán (AE) 2024/1263, agus cás gan an choimirce sin.

(10) Leagtar amach san fhaisnéis theicniúil le haghaidh na Seicia, d'fhonn na rialacha fioscacha is infheidhme a chomhlíonadh le linn na tréimhse coigeartúcháin 4 bliana, agus ar bhonn toimhdí an Choimisiúin, gur cheart 0,5 % de OTI ar a laghad a bheith sa chomhardú príomha struchtúrach ag deireadh na tréimhse coigeartúcháin (2030; cás gan an choimirce athléimneachta easnaimh), de réir Thábla 1. Mar eolas, agus an choimirce athléimneachta easnaimh á cur san áireamh freisin, ba cheart 0,5 % de OTI ar a laghad a bheith sa chomhardú príomha struchtúrach ag deireadh na tréimhse coigeartúcháin (2030). Mar sin féin, ní ceanglas é an choimirce athléimneachta easnaimh le haghaidh na Seicia, tír atá incháilithe d'fhaisnéis theicniúil.

Bliain deiridh na tréimhse coigeartúcháin	2030
Luach íosta an chomhardaithe phríomha struchtúraigh (% de OTI), an cás gan an choimirce athléimneachta easnaimh	0,5
Le haghaidh faisnéise amháin: Luach íosta an chomhardaithe phríomha struchtúraigh (% de OTI), an cás leis an gcoimirce athléimneachta easnaimh	0,5

Foinse: Ríomhanna an Choimisiúin.

Tábla 1: Faisnéis theicniúil a sholáthair an Coimisiún don tSeicia

(11) I gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) 2024/1263, chuaigh an tSeicia agus an Coimisiún i mbun idirphlé teicniúil le linn mhí na Bealtaine agus mhí an Mheithimh 2026. Bhí an t-idirphlé teicniúil dírithe ar uasrátaí fáis glanchaiteachais atá beartaithe ag an tSeicia agus ar na toimhdí bunúsacha a bhaineann léi (go háirithe na toimhdí fáis OTI ionchasaigh, fás fíor-OTI agus ráta úis ainmniúil (intuigthe), chomh maith leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí atá beartaithe a thabhairt i gcrích lena bhfreagrófar ar na príomhdhúshláin a sainaithníodh i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus thosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais maidir le haistriú cóir glas agus digiteach, an athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch, an tslándáil fuinnimh agus méadú na gcumas cosanta.

(12) De réir na faisnéise a chuir an tSeicia ar fáil ina plean, an 6 Bealtaine 2026, i gcomhréir le hAirteagal 11(3) de Rialachán (AE) 2024/1263, chuaigh an tSeicia i mbun próiseas comhairliúcháin leis an tsochaí shibhialta, le comhpháirtithe sóisialta, le húdaráis réigiúnacha agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile. De réir na faisnéise a chuir an tSeicia ar fáil ina plean, ullmhaíodh an t-athbhreithniú ar an bplean i gcomhar leis na haireachtaí ábhartha agus le comhlachtaí riaracháin phoiblí eile, lena n-áirítear Comhairle Fhioscach na Seice. Ina theannta sin, an 6 Bealtaine 2026, tionóladh cruinniú comhchéime maidir leis an dréachtphlean le hionadaithe fostóirí, ceardchumann, saineolaithe agus páirtithe leasmhara eile.

[11] Bunaítear leis an gcoimirce athléimneachta easnaimh a bhunaítear in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2024/1263 go bhfuil an feabhas bliantúil ar an gcomhardú príomha struchtúrach cothrom le 0,4 pointe céatadáin de OTI (nó 0,25 pointe céatadáin i gcás síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin) go dtí go mbeidh an t-easnamh struchtúrach níos ísle ná 1,5 % de OTI.

ACHOIMRE AR AN bPLEAN AGUS MEASÚNÚ AN CHOIMISIÚIN AIR SIN

(13) I gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) 2024/1263, rinne an Coimisiún measúnú ar phlean mhí an Mheithimh 2026 mar a leanas:

Comhthéacs: an staid agus an t-ionchas maicreacnamaíoch agus fioscach

(14) Tháinig méadú 2,6 % ar an bhfíor-OTI sa tSeicia in 2025, arna spreagadh ag éileamh intíre agus seachtrach araon. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún Eorpach, meastar go dtiocfaidh fás 1,8 % ar an ngeilleagar in 2026, fás a léiríonn an tionchar atá ag an suaitheadh de bharr praghas fuinnimh agus rannchuidiú diúltach ó ghlan-onnmhairí. In 2027, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú 2,4 % ar fhíor-OTI, le tacaíocht ó thomhaltas láidir teaghlaigh agus rialtais, ó infheistíocht, agus ó ranníocaíocht níos airde ó ghlan-onnmhairí. Le linn na tréimhse réamhaisnéise (i.e. 2026-2027), meastar go dtiocfaidh laghdú beag ar fhás OTI ionchasaigh sa tSeicia, ó 1,6 % in 2025 go 1,5 % in 2027, arna spreagadh ag laghdú ar an ráta fáis den phobal oibre. Ba é 2,8 % an ráta dífhostaíochta in 2025, agus réamh-mheasann an Coimisiún go n-ardóidh sé go dtí 3,1 % in 2026 agus 3,2 % in 2027. Meastar go dtiocfaidh laghdú ar an mboilsciú (díbhoilsceoir OTI) ó 3,5 % in 2025 go 2,7 % in 2026, agus go sroichfidh sé 3,1 % in 2027.

(15) Maidir le forbairtí fioscacha, is é a bhí in easnamh rialtais ghinearálta na Seicia 2,1 % de OTI in 2025. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún Eorpach, réamh-mheastar go mbeidh an t-easnamh ag 2,8 % de OTI in 2026 agus ag glacadh leis nach mbeidh aon athrú ar bheartais, go dtiocfaidh méadú eile go 2,9 % de OTI in 2027. Ba é an 4 Bealtaine 2026 scoithdháta Réamhaisnéis Earraigh 2026 ón gCoimisiún[i.e., sular cuireadh an dréachtbhuiséad le haghaidh 2027 faoi bhráid na parlaiminte náisiúnta i mí Mheán Fómhair 2026: *ní mór an téacs idir lúibíní cearnacha a dheimhniú nó a choigeartú i mí Mheán Fómhair tráth an phlé sna coistí agus tráth a ndéanfaidh rúnaíocht na Comhairle tuilleadh láimhseála air*]. 44,3 % de OTI a bhí san fhiachas rialtais ghinearálta ag deireadh 2025. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún Eorpach, meastar go méadóidh an cóimheas fiachais go 45,8 % de OTI ag deireadh 2026 agus réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú eile air go 47,2 % de OTI ag deireadh 2027. De réir an chleachtais sheanbhunaithe ní bhreithnítear le réamhaisnéis fhioscach an Choimisiúin na gealltanais bheartais sna pleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha go dtí go mbeidh bearta nithiúla beartais mar bhonn taca leo, bearta a dhéanfar a fhógairt go hinchreidte agus a shonrú go leormhaith.

Uasrátaí fáis glanchaiteachais agus na príomhthoimhdí maicreacnamaíocha i bplean mhí an Mheithimh 2026

(16) Leis an bplean cumhdaítear an tréimhse 2027-2030 agus cuirtear coigeartú fioscach i láthair thar thréimhse 4 bliana.

(17) Tá an fhaisnéis uile a cheanglaítear le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2024/1263 sa phlean.

(18) Leis an bplean, tugtar gealltanas maidir leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a léirítear i dTábla 2 thíos, a chomhfhreagraíonn do mheánfhás glanchaiteachais bliantúil 3,2 % i gcaitheamh na mblianta 2027-2030. Tá an fhaisnéis theicniúil (ag glacadh leis go bhfuil conair coigeartúcháin línigh ann) comhsheasmhach le meánfhás glanchaiteachais 3,2 % i gcaitheamh na tréimhse coigeartúcháin (2027-2030). Meastar go n-eascraíonn an chomhardaithe phríomha struchtúraigh 0,3 % de OTI ag deireadh na tréimhse coigeartúcháin (2030) as an gconair ghlanchaiteachais ar tugadh gealltanas

ina leith sa phlean. Is ísle sin ná íosleibhéal an chomhardaithe phríomha struchtúraigh 0,5 % de OTI in 2030 a chuir an Coimisiún ar fáil san fhaisnéis theicniúil. Toimhdítear sa phlean go dtiocfaidh laghdú ar fhás OTI féideartha go 1,2 % in 2030 (ó 1,6 % in 2025). Ina theannta sin, meastar sa phlean go dtiocfaidh laghdú ar ráta fáis an díbhoilsceora OTI go 3,3 % in 2027 (ó 3,5 % in 2025) sula laghdóidh sé go 2,4 % in 2030.

Tábla 2: An t-uasráta fáis glanchaiteachais agus na príomhthoimhdí i bplean na Seicia(*)

	2026	2027	2028	2029	2030	Meánfhás i rith thréimhse bhailíochta an phlean 2027-2030
Fás glanchaiteachais (bliantúil, %)	6,4	5,4	2,7	2,4	2,2	3,2
Fás glanchaiteachais (ar bhonn carnach, ón mbonnbhliain 2025(**), %)	6,4	12,1	15,2	17,9	20,5	n/b
Fás OTI ionchasaigh (%)	1,6	1,5	1,5	1,2	1,2	1,3
Boilsciú (fás díbhoilsceora OTI) (%)	2,9	3,3	2,8	2,6	2,4	2,8

Foinse: Plean struchtúrach fioscach meántéarmach na Seicia (Meitheamh 2026) agus ríomhanna ón gCoimisiún.

(*) Sa phlean, cuirtear dhá shraith toimhdí maicreacnamaíocha i láthair, ar bhonn Réamhaisnéis Mhaicreacnamaíoch Phoblacht na Seice (Aibreán 2026) agus Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún (Bealtaine 2026). Úsáidtear táblaí 3.4 agus 3.5 sa phlean le haghaidh an mheasúnaithe. (**) Ríomhtar na rátaí fáis carnacha faoi threoir na bonnbhliana 2025, arb í sin an bhliain is déanaí ar fhoilsigh an oifig staidrimh náisiúnta agus Eurostat sonraí fioscacha olltoraidh ina leith.

(19) Meastar sa phlean gur 6,4 % a bheidh sa ráta fáis glanchaiteachais in 2026. Tá an ráta fáis sin ábhartha chun na rátaí carnacha fáis le haghaidh 2027-2030 a léirítear i dTábla 2 a shainiú, ós rud é gurb é 2025 an bonnbhliain, arb í sin an bhliain dheireanach ar fhoilsigh an oifig staidrimh náisiúnta agus Eurostat sonraí olltoraidh ina leith. I gcomparáid leis an Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025, thabharfaí le tuiscint leis an bhfás glanchaiteachais le haghaidh 2026 a réamh-mheastar sa phlean, ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, go mbeadh diall carnach 0,1 % de OTI ann faoi dheireadh 2026, sula mbreithneofaí an tsolúbthacht dá bhforáiltear leis an gclásal éalaithe náisiúnta (féach Tábla 3). Tar éis an tsolúbthacht ón gclásal éalaithe náisiúnta a mheas, is é -0,2 % de OTI a bheadh sa diall carntha réamh-mheasta (i.e., dá bhrí sin, faoi bhun na conaire caiteachais a mholtar in 2026 tar éis an tsolúbthacht a chur san áireamh). Tá sé sin mar an gcéanna leis an measúnú ón gCoimisiún i bpacáiste Sheimeastar Eorpach an Earraigh 2026 (Féach aithris 6).

Tábla 3: Fás glanchaiteachais, dialltaí bliantúla agus carntha in 2025 agus 2026 (réamh-mheasta) i gcomparáid leis an Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025

		2025	2026	
An t-uasráta glanchaiteachas molta, ar bhonn bliantúil *Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir*	% athrú	**4,5**	**2,5**	
			An Coimisiún Eorpach	**Plean Meántéarmach**
Glanchaiteachas, ar bhonn bliantúil	% athrú	**4,9**	**6,4**	**6,4**
Diall bliantúil*	% OTI	0,2	1,5	1,5
Diall carntha*	% OTI	-1,4	0,1	0,1
Diall carntha* tar éis sholúbthacht NEC	% OTI	-1,7	-0,2	-0,2

*Is iad seirbhísí an Choimisiúin a ríomhann dialltaí le haghaidh 2026, ag glacadh leis go dtiocfaidh fás glanchaiteachais mar a réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún (COM) agus i bPlean Struchtúrach Fioscach Meántéarmach na Seicia (Meitheamh 2026). * Léiríonn luach deimhneach (diúltach) go bhfuil an glanchaiteachas os cionn (faoi bhun) an uasráta fáis a mholtar.*

Impleachtaí ghealltanais ghlanchaiteachais an phlean maidir leis an gcomhardú rialtais ghinearálta

(20) Ar bhonn uasrátaí fáis glanchaiteachais agus thoimhdí an phlean, thiocfadh feabhas de réir a chéile ar an easnamh rialtais ghinearálta ó 2,8 % de OTI in 2026 go 1,2 % de OTI ag deireadh na tréimhse coigeartúcháin (2030), de réir Thábla 4. Dá bhrí sin, de réir an phlean, ní sháródh an comhardú rialtais ghinearálta luach tagartha 3 % de OTI ag deireadh na tréimhse coigeartúcháin (2030). Ina theannta sin, sna 10 mbliana tar éis na tréimhse coigeartúcháin (i.e. go dtí 2040), ní sháródh an t-easnamh rialtais 3 % de OTI. Dá bhrí sin, ar bhonn ghealltanais bheartais agus thoimhdí maicreacnamaíocha an phlean, bheadh an chonair ghlanchaiteachais a chuirtear ar aghaidh sa phlean comhsheasmhach leis an gceanglas maidir leis an easnamh a leagtar amach in Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2024/1263.

Impleachtaí ghealltanais ghlanchaiteachais an phlean maidir le fiachas rialtais ghinearálta

(21) Dá dtiocfadh uasrátaí fáis glanchaiteachais a bhfuil gealltanas tugtha ina leith sa phlean mar aon leis na toimhdí bunúsacha i gcrích, thiocfadh méadú ar fhiachas rialtais ghinearálta, de réir an phlean, ó 45,8 % in 2026 go 46,6 % de OTI ag deireadh na tréimhse coigeartúcháin (2030), de réir Thábla 4. Sa mheántéarma, i.e. go dtí 2040, meastar go gcobhsóidh an cóimheas fiachais tríd is tríd go dtí 2032, de réir an phlean, agus go méadóidh sé ina dhiaidh sin go 52,9 % de OTI faoi 2040. Dá bhrí sin, de réir an phlean, d'fhanfadh fiachas rialtais ghinearálta faoi bhun luach tagartha an Chonartha, is é sin 60 % de OTI, sa mheántéarma. Dá bhrí sin, ar bhonn ghealltanais bheartais agus thoimhdí maicreacnamaíocha an phlean, tá uasrátaí fáis glanchaiteachais a chuirtear ar aghaidh sa phlean comhsheasmhach leis an gceanglas maidir le fiachas a leagtar amach in Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2024/1263.

Tábla 4: Forbairtí maidir le fiachas rialtais ghinearálta agus comhardú rialtais ghinearálta i bplean na Seicia

	2025	2026	2027	2028	2029	2030	2040

Fiachas rialtais (% de OTI)	44,3	45,8	46,9	46,6	46,8	46,6	52,9
Comhardú rialtais (% de OTI)	-2,1	-2,8	-2,8	-2,0	-1,6	-1,2	-3,0

Foinse: Plean struchtúrach fioscach meántéarmach na Seicia (Meitheamh 2026)

Toimhdí maicreacnamaíocha an phlean

(22) Tá an plean bunaithe ar shraith toimhdí atá éagsúil le toimhdí an Choimisiúin, a tarchuireadh chuig an tSeicia an 28 Bealtaine 2026. Go háirithe, úsáidtear toimhdí éagsúla sa phlean le haghaidh sé athróg, is iad sin fás díbhoilsceora OTI, fás fíor-OTI, an ráta úis ainmniúil (intuigthe), an t-iolraitheoir fioscach, an coigeartú sreabhaidh i leith stoic, agus bearta aonuaire. Liostaítear thíos na difríochtaí i dtoimhdí a bhfuil an tionchar is mó acu ar an uasráta meánfháis glanchaiteachais agus déantar measúnú orthu thíos.

- Tá an plean éagsúil leis an treoir a thug an Coimisiún roimh ré ar dhá bhealach maidir le fás an díbhoilsceora OTI. Ar an gcéad dul síos, ar bhonn fás toimhdithe níos airde ar dhíbhoilsceoir an éilimh intíre, cuimsítear sa phlean fás díbhoilsceora OTI le haghaidh 2027 atá 0,2 pointe céatadáin níos airde ná mar atá san fhaisnéis theicniúil a chuir an Coimisiún ar fáil agus atá bunaithe ar Réamhaisnéis an Earraigh 2026. Meastar nach bhfuil údar cuí leis an toimhde sin; níl an Coimisiún ar an eolas faoi eisiúintí sonraí ná nuashonruithe a thabharfadh údar le hathbhreithniú aníos mór ar mheastachán díbhoilsceora OTI le haghaidh 2027, i gcomparáid leis an gceann san fhaisnéis theicniúil. Ina theannta sin, léiríonn na forbairtí maicreacnamaíocha is déanaí (i.e. laghdú níos tapúla ná mar a bhíothas ag súil leis ar phraghsanna tráchtearraí fuinnimh in 2026) laghdú nach bhfuil chomh suntasach céanna ar phraghsanna allmhairiúcháin earraí in 2027, rud a laghdódh meastacháin díbhoilsceora OTI le haghaidh 2027. Ar an dara dul síos, ó 2028 ar aghaidh, tiocfaidh fás an díbhoilsceora OTI le chéile níos tapúla agus go leibhéal níos ísle (2,0 %) ná mar a thoimhdítear faoin gcreat coiteann um anailís ar inbhuanaitheacht an fhiachais (2,3 %). Mínítear an toimhde sin níos faichillí ná mar atá san fhaisnéis theicniúil sa phlean trí ghlacadh leis go ndéanfar boilsciú praghsanna do thomhaltóirí a chóineasú de réir a chéile le sprioc 2 % bhanc ceannais na Seicia faoi 2032, agus trí ghlacadh leis freisin go ndéanfar fás díbhoilsceora OTI a chóineasú go dtí an luach sin in 2032 agus ansin go bhfanfaidh sé cobhsaí ag na luachanna 2032 thar an gcuid eile den tréimhse réamh-mheasta. Ar an iomlán, tá an meánfhás díbhoilsceora OTI i gcaitheamh na tréimhse réamh-mheastacháin ar fad (2027-2040) níos ísle sa phlean ná mar atá de réir thoimhdí an Choimisiúin, ag 2,2 % i gcomparáid le 2,6 % faoi seach. Chun an plean meántéarmach a ullmhú, meastar, dá bhrí sin, go bhfuil an toimhde maidir leis an meánfhás díbhoilsceora OTI i gcaitheamh na tréimhse réamh-mheastacháin ar fad (2027-2040) stuama agus go bhfuil údar cuí léi.
- Glactar leis sa phlean go mbeidh an ráta úis ainmniúil (intuigthe) níos ísle faoi 0.2 pointe céatadáin ar an meán thar an tréimhse réamh-mheastacháin ná mar atá i dtoimhde an Choimisiúin. I gcomhthéacs an phlean mheántéarmaigh, le hús níos ísle ceadaítear meánfhás glanchaiteachais phríomhúil níos airde i gcaitheamh na tréimhse coigeartúcháin. Tá an diall sin sa ráta úis ainmniúil

(intuigthe) mar thoradh ar thoimhdí rátaí úis margadh níos ísle i gcaitheamh na tréimhse coigeartúcháin don ghearrthéarma agus don fhadtéarma 0,6 agus 0,8 pointe céatadáin faoi seach, ar ionann iad agus toimhdí níos neamhurchóidí i gcomparáid le cinn an Choimisiúin. Mínítear é sin le hionchorprú sonraí níos gráinní, agus le modh difriúil réamhaisnéise a úsáid, atá bunaithe ar ionchas go ndéanfaí rátaí úis a chobhsú i gcomhréir le conair bhonnráta beartais an bhainc ceannais. Níl an cur chuige sin i gcomhréir leis an gcreat coiteann um anailís ar inbhuanaitheacht an fhiachais.

Na difríochtaí atá fágtha sna toimhdí, níl tionchar mór acu ar an meánfhás glanchaiteachais i gcomparáid le toimhdí an Choimisiúin Eorpaigh. Tríd is tríd, cealaíonn an tionchar a bhaineann le toimhdí níos faichillí an tionchar a bhaineann leis na difríochtaí idir toimhdí nach bhfuil i gcomhréir leis an gcreat um anailís ar inbhuanaitheacht an fhiachais. Ar an iomlán, tá na difríochtaí sna toimhdí nuair a ghlactar le chéile iad comhsheasmhach leis an uasráta meánfháis glanchaiteachais atá comhionann leis an uasráta meánfháis glanchaiteachais a thugtar le tuiscint san fhaisnéis theicniúil. Cuirfidh an Coimisiún Eorpach an measúnú thuas ar thoimhdí an phlean san áireamh i measúnuithe a dhéanfaidh sé amach anseo ar chomhlíonadh uasrátaí fáis glanchaiteachais.

Straitéis fhioscach an phlean

(23) De réir na straitéise fioscaí táscaí sa phlean, déanfar na gealltanais maidir le glanchaiteachas a thabhairt i gcrích go príomha trí bhíthin smacht ar chaiteachas agus méaduithe lánroghnacha ar ioncam araon. De réir an phlean, ba cheart tionchar dearfach ar an ioncam poiblí a bheadh mar thoradh ar éifeachtúlacht an bhailithe cánach a mhéadú agus srian a chur ar an ngeilleagar dubh. Trí riarachán poiblí a dhigitiú agus a chuíchóiriú, ba cheart go laghdófaí fás an chaiteachais phoiblí. Ar deireadh, ba cheart go dtacófaí le comhdhlúthú fioscach i dtéarmaí ainmniúla trí fhás eacnamaíoch a mhéadú trí infheistíocht níos airde, trí nuálaíocht agus trí nuachóiriú bonneagair. Ceann de na bearta is tábhachtaí a bhfuil coinne leis is ea córas EET 2.0 atá ar na bacáin, i.e. clárú leictreonach nuachóirithe díolachán, a bhfuil coinne leis go laghdóidh sé imghabháil cánach.

(24) Tá sonraíocht na mbeart beartais atá le glacadh le dearbhú nó le coigeartú agus le cainníochtú sna buiséid bhliantúla. An tráth céanna, tá rioscaí ann maidir le cur chun feidhme na straitéise fioscaí táscaí sa phlean, a eascraíonn as próifíl ama shiarchoinnithe an choigeartaithe, as an timthriall toghchánach, agus as an easpa faisnéise maidir leis an straitéis fhioscach atá beartaithe sna blianta tar éis an phlean (mar a mheasúnaítear thuas).

Rúin infheistíochta agus athchóirithe sa phlean a fhreagraíonn do na príomhdhúshláin arna sainaithint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus lena dtugtar aghaidh ar thosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais

(25) Tugtar tuairisc sa phlean ar rúin bheartais a bhaineann le hathchóirithe agus infheistíochtaí chun freagairt do na príomhdhúshláin arna sainaithint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, mar a leagtar amach go háirithe i moltaí tírshonracha 2025 agus i gcomhréir le tosaíochtaí na Teachtaireachta dar teideal ‘Compás Iomaíochais don Aontas Eorpach’[12]. Cuimsítear sa phlean athchóirithe agus infheistíochtaí, a bhfaigheann formhór acu tacaíocht airgeadais ón tSaoráid Téarnaimh agus

[12] Féach an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal ‘Compás Iomaíochais don Aontas Eorpach’ an 29 Eanáir 2025, COM(2025)30 final.

Athléimneachta nó ó chistí an bheartais comhtháthaithe. Tá athchóirithe agus infheistíochtaí an phlean bunaithe ar dhoiciméad straitéise rialtais atá ann cheana (Straitéis Eacnamaíoch ‘Poblacht na Seice: Tír don Todhchaí 2.0’). Mar a léirítear thuas, tar éis an plean a thíolacadh i mí an Mheithimh 2026, ghlac an Chomhairle moltaí tírshonracha 2026[13], moltaí nach bhféadfaí a léiriú sa phlean go fóill dá bhrí sin.

(26) Maidir leis an tosaíocht chomhchoiteann a bhaineann le haistriú cóir, glas agus digiteach, lena n-áirítear na cuspóirí aeráide a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119, cuimsítear leis an bplean bearta, cuid acu a fhaigheann tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Tá na bearta a bhaineann le dúshláin an aistrithe ghlais san áireamh i bPlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide Phoblacht na Seice. Áirítear ar na bearta is tábhachtaí nuachóiriú a dhéanamh ar ghréasáin dáileacháin atá dírithe ar acmhainneacht a mhéadú chun foinsí nua a nascadh agus ceallraí ardacmhainneachta a shuiteáil, bonneagar tacaíochta a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear an Lárionad Sonraí Fuinnimh, criosanna speisialta a thabhairt isteach le haghaidh stóráil fuinnimh agus le haghaidh bonneagar eangaí, nuachóiriú an tionscail agus na hearnála téimh tríd an gclár ‘HEAT’, agus creat dlíthiúil cuimsitheach a chruthú chun an margadh hidrigine agus an bonneagar hidrigine a bhunú agus a fhorbairt sa tSeicia (LEX HYDROGEN). I réimse dhícharbónú na bhfoirgneamh, tabharfar isteach caighdeán nua fuinnimh do thógáil atá beartaithe agus bunachar sonraí nua feidhmíochta fuinnimh a mbeidh daoine in ann féachaint air ar líne. Maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, tá an Clár Nua Coigiltis Ghlasa agus an Clár Nua Éadrom Coigiltis Ghlasa, lena dtacaítear le hathchóiriú domhain ar fhoirgnimh, á leasú chun a n-inbhuanaitheacht airgeadais agus a ngiaráil airgeadais a mhéadú agus chun díriú ar dhaoine aonair ar ioncam íseal. I measc na mbeart ábhartha eile tá leictriú rianta traenach, feithiclí atá níos éifeachtúla ó thaobh astaíochtaí de a chur in ionad feithiclí agus tacú le feithiclí astaíochtaí nialasacha a fháil agus a oibriú. Baineann na bearta sin leis na moltaí tírshonracha i réimse beartais an fhuinnimh in-athnuaite, an bhonneagair agus na líonraí fuinnimh, na héifeachtúlachta fuinnimh agus an iompair inbhuanaithe. Maidir le dúshláin an aistrithe dhigitigh, áirítear ar na bearta is tábhachtaí líonraí digiteacha ardacmhainneachta a fhorbairt, seirbhísí poiblí digiteacha a chur i bhfeidhm go leanúnach, agus tacú le digitiú gnólachtaí. Baineann na bearta sin le moltaí tírshonracha 2025 i réimse beartais an riaracháin phoiblí, rochtain ar mhaoiniú agus maoiniú fáis.

(27) Maidir leis an tosaíocht chomhchoiteann a bhaineann leis an athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch, lena n-áirítear Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, cuimsítear leis an bplean bearta, cuid acu a fhaigheann tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ó CSE+. Maidir le dúshláin a bhaineann le fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach, áirítear ar na bearta is tábhachtaí cláir lena dtacaítear le taighde, forbairt agus nuálaíocht i ngnólachtaí, agus béim á leagan ar theicneolaíochtaí straitéiseacha criticiúla agus ar theicneolaíochtaí straitéiseacha atá ag teacht chun cinn, go háirithe an intleacht shaorga, agus nuálaíochtaí a thabhairt isteach i gcleachtas gnó i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide. Is é is aidhm do chláir eile cuidiú le hacmhainneacht na ngnólachtaí nuathionscanta atá ann cheana a fhorbairt agus é mar aidhm leo comhar nuálach a neartú idir gnólachtaí nuathionscanta na Seicia agus éiceachórais na ngnólachtaí nuathionscanta atá ar thús cadhnaíochta ar fud an

[13] Moladh ón gComhairle maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Seicia, IO C, C/2026/XXXX, XX.X.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/20XX/XXXX/oj.

domhain. Cuireann an rialtas athruithe ar an meastóireacht chun feidhme freisin, agus éascaíonn sé comhar idir eagraíochtaí taighde. Baineann na bearta sin le moltaí tírshonracha 2025 i réimse beartais taighde agus nuálaíochta.

Maidir le dúshláin roimh an gcomhtháthú sóisialta agus críochach, áirítear ar na bearta is tábhachtaí leordhóthanacht pinsean a mhéadú, paraiméadair an chórais sochar sóisialta a shimpliú agus a athrú, agus rannpháirtíocht tuismitheoirí, go háirithe mná, agus grúpaí faoi mhíbhuntáiste sa mhargadh saothair a mhéadú trí thacaíocht a thabhairt don gheilleagar sóisialta. I measc na mbeart ábhartha eile tá an leasú atá beartaithe ar an Acht Foirgníochta arb é is aidhm dó dlús a chur le tógáil tithíochta, an margadh cíosa a athchóiriú, agus tógáil tithíochta sóisialta a athbheochan. Baineann na bearta sin le moltaí tírshonracha 2025 i réimsí beartais na mbeartas gníomhach maidir leis an margadh saothair, na ndreasachtaí chun oibre agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, an neamh-idirdhealaithe agus an chomhionannais deiseanna, agus na tithíochta.

Maidir le dúshláin roimh an tsláinte, agus roimh an athléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach, áirítear ar na bearta is tábhachtaí pleananna chun acmhainneacht agus éifeachtúlacht an riaracháin phoiblí a neartú agus cáilíocht na seirbhíse poiblí a fheabhsú, athléimneacht, éifeachtúlacht, digitiú agus foireann leordhóthanach na hearnála cúraim sláinte a mhéadú, agus cúram fadtéarmach a fhorbairt a thuilleadh. Tugann an rialtas tús áite freisin do shrian a chur le hobair neamhdhleathach agus neamhdhearbhaithe. Baineann na bearta sin le moltaí tírshonracha 2025 i réimse beartais an riaracháin phoiblí, le digitiú an riaracháin phoiblí agus na seirbhísí poiblí, agus leis an gcreat buiséadach agus leis an rialachas fioscach.

Maidir le beartais don chéad ghlúin eile, áirítear ar na bearta is tábhachtaí inrochtaineacht agus cáilíocht an oideachais réamhscoile a mhéadú, cáilíocht ghairm na múinteoireachta agus bainistíocht scoileanna a neartú, agus ábharthacht an mheánoideachais do riachtanais mhargadh an tsaothair a mhéadú. San oideachas treasach, áirítear ar na bearta is tábhachtaí rátaí rathúlachta mac léinn a mhéadú, cláir staidéir a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo a fhorbairt, agus ollscoileanna a nascadh ar bhealach níos fearr leis na hearnálacha taighde agus nuálaíochta. Baineann na bearta sin le moladh tírshonrach 2025 i réimsí beartais an oideachais, an neamh-idirdhealaithe agus an chomhionannais deiseanna.

(28) Maidir leis an tosaíocht chomhchoiteann a bhaineann leis an tslándáil fuinnimh, cuimsítear sa phlean bearta a fhaigheann tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Áirítear ar na bearta is tábhachtaí leasú ar an Acht Fuinnimh arb é is aidhm dó dlús a chur le tógáil foinsí athsholáthair le haghaidh gléasraí cumhachta gualbhreoslaithe a bhfuil deireadh á chur leo de réir a chéile. Tacóidh an clár deontais ‘Infheistíochtaí Straitéiseacha le haghaidh Geilleagar Aeráidneodrach’ *inter alia* le dhá thionscadal mhórscála maidir le táirgeadh ceallraí agus maidir le heastóscadh amhábhar atá ríthábhachtach chun an geilleagar a dhícharbónú agus chun an tslándáil fuinnimh a neartú. Baineann na bearta sin le moladh tírshonrach 2025 i réimse beartais an fhuinnimh in-athnuaite, an bhonneagair agus na líonraí fuinnimh. Leanann an rialtas freisin leis an leathnú atá beartaithe ar Ghléasra Cumhachta Núicléiche Dukovany.

(29) Maidir le tosaíocht choiteann na gcumas cosanta, cuimsítear sa phlean an tAcht Maoinithe Cosanta achtaithe agus an tAcht leasaithe um Rialacha Buiséadacha, lena gceanglaítear ar an rialtas 2 % ar a laghad de OTI a leithdháileadh ar chaiteachas

cosanta agus lena gceadaítear don rialtas caiteachas cosanta a mhéadú le haghaidh na mblianta 2026 go 2033 os cionn 2 % de OTI, fiú thar an gcreat caiteachais bhuiséadaigh formheasta. D'iarr an tSeicia freisin an clásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú, lena gceadaítear solúbthacht chun caiteachas cosanta a mhéadú 1,5 % de OTI in 2025-2028. Baineann na bearta sin le moltaí tírshonracha 2025 i réimse beartais leis an gcreat buiséadach agus leis an rialachas fioscach.

(30) Cuirtear faisnéis ar fáil sa phlean maidir leis an gcomhsheasmhacht agus, i gcás inarb iomchuí, an chomhlántacht, le cistí an bheartais chomhtháthaithe agus le Plean Téarnaimh agus Athléimneachta na Seicia. Maoinítear an chuid cheannasach de na bearta a chuimsítear sa phlean le cistí an bheartais chomhtháthaithe. Sa phlean (agus san iarscríbhinn a ghabhann leis) déantar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí ar chistí an bheartais chomhtháthaithe agus ar an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta a mhapáil.

(31) Tugtar forléargas ginearálta sa phlean ar riachtanais infheistíochta poiblí na Seicia a bhaineann le tosaíochtaí coiteanna an Aontais. Maidir leis an tosaíocht chomhchoiteann a bhaineann le haistriú cóir, glas agus digiteach, lena n-áirítear comhsheasmhacht leis an Dlí Aeráide Eorpach, áirítear ar riachtanais infheistíochta earnáil an fhuinnimh a chlaochlú, foinsí fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt, tomhaltas fuinnimh agus astaíochtaí foirgneamh a laghdú agus bonneagar líonra mhóibíligh 5G a fhorbairt. Chun athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch a áirithiú, tá sé beartaithe ag an tSeicia soláthar seirbhísí poiblí digiteacha a leathnú, infheistíocht a dhéanamh i ngnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus i gcuideachtaí atá ag fás, agus éifeachtúlacht an chúraim sláinte a mhéadú. Chun an tslándáil fuinnimh a mhéadú, tá sé beartaithe ag an tSeicia infheistíocht a dhéanamh i bhfoinsí fuinnimh glana.

Conclúid an mheasúnaithe ón gCoimisiún

(32) Ar an iomlán, tá an Coimisiún den tuairim go gcomhlíonann plean mhí an Mheithimh 2026 na Seicia ceanglais Rialachán (AE) 2024/1263.

CONCLÚID FHORIOMLÁN MAIDIR LE PLEAN ATHBHREITHNITHE NA SEICIA AGUS MAIDIR LEIS AN tSOLÚBTHACHT DÁ bhFORÁILTEAR LEIS AN gCLÁSAL ÉALAITHE NÁISIÚNTA

(33) Cuirtear an moladh seo in ionad Mholadh an 21 Eanáir 2025 maidir leis na blianta 2027 agus 2028. Na huasrátaí fáis glanchaiteachais le haghaidh 2026 a leagadh síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Moladh sin, i dtéarmaí bliantúla agus carnacha, tá siad fós ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht go dtí 2026, agus an bhliain sin san áireamh. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chomhlíonadh le haghaidh 2026 i gcomhthéacs phacáiste faireachais fhómhar 2026 agus, ar bhonn sonraí olltoraidh, in earrach 2027.

(34) I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1263, ba cheart don Chomhairle na huasrátaí fáis glanchaiteachais a dtugtar gealltanas ina leith i bplean mhí an Mheithimh 2026 a mholadh don tSeicia.

(35) Maidir leis an moladh ón gComhairle an 8 Iúil 2025, soiléirítear leis an moladh atá ann faoi láthair an méid solúbthachta a cheadaítear faoin gclásal éalaithe náisiúnta maidir leis an méadú ar chaiteachas cosanta[14] a mbeidh feidhm aige in 2027 agus 2028. Chun

[14] Caiteachas cosanta rialtais ghinearálta de réir Aicmiú Idirnáisiúnta Fheidhmeanna an Rialtais (COFOG).

na críche sin, ba cheart an uas-solúbthacht fhoriomlán atá ar fáil in 2027 agus 2028 a theorannú don tsolúbthacht nár úsáideadh i ndáil le Moladh dímholta an 21 Eanáir 2025.

(36) Go ginearálta, i gcás inar bhain Ballstát úsáid cheana féin as an tsolúbthacht dá bhforáiltear leis an gclásal éalaithe náisiúnta le haghaidh caiteachas cosanta, níl ach an chuid den mhéadú ar chaiteachas cosanta mar chéatadán de OTI ós rud é go bhfuil an bhliain tagartha atá os cionn na solúbthachta a úsáideadh cheana incháilithe do sholúbthacht sna blianta atá fágtha a chumhdaítear leis an gclásal éalaithe náisiúnta. Thairis sin, i gcásanna den sórt sin, ba cheart an tsolúbthacht uasta atá ar fáil de 1,5 % de OTI a laghdú de réir mhéid na solúbthachta a úsáideadh roimhe sin. I gcás na Seicia, is é 2026 an bhliain ábhartha chun an tsolúbthacht a úsáidtear a thomhas, *i.e.* an bhliain dheireanach a bhfuil feidhm ag Moladh an 21 Eanáir 2025 maidir léi. De réir an Choimisiúin, sular breithníodh an tsolúbthacht dá bhforáiltear leis an gclásal éalaithe náisiúnta, in 2026 d'imigh glanchaiteachas 0,1 % de OTI i dtéarmaí carnacha ón uaschonair glanchaiteachais a mhol an Chomhairle an 21 Eanáir 2025 (féach aithris 6). De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, maidir le caiteachas cosanta a mhaoinítear go náisiúnta sa tSeicia, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú 0,3 pointe céatadáin de OTI air idir 2021 agus 2026. Ar bhonn na réamh-mheastachán sin, meastar go mbeidh an diall réamh-mheasta le haghaidh 2026 laistigh de sholúbthacht an chlásail éalaithe náisiúnta. Comhfhreagraíonn sé sin d'úsáid réamh-mheasta solúbthachta 0,1 % de OTI in 2026. Mar sin féin, ní féidir an tsolúbthacht iarbhír a úsáidtear in 2026 atá ábhartha don mholadh seo a chinneadh go dtí go mbeidh sonraí olltoraidh ar fáil, in earrach 2027. Déanfaidh an Coimisiún an tsolúbthacht uasta atá ar fáil a ríomh agus a chur in iúl ar bhonn sonraí olltoraidh in earrach 2027.

AG MOLADH LEIS SEO:

(1) Áiritheoidh an tSeicia nach sáróidh an fás glanchaiteachais na huasmhéideanna a bhunaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Moladh seo.

(2) Go dtí 2028, ceadófar don tSeicia na huasrátaí fáis glanchaiteachais a shárú mar a leagtar amach le pointe 1 den Mholadh seo, a mhéid nach mó an glanchaiteachas atá de bhreis ar na huasrátaí fáis sin ná an ceann is lú díobh seo a leanas:

(a) an difríocht idir an méadú ar chaiteachas cosanta i gcéatadán de OTI ó bhí 2021 ann agus an tsolúbthacht a úsáideadh go dtí 2026 faoi Mholtaí an 21 Eanáir 2025 agus an 8 Iúil 2025; agus

(b) an difríocht idir 1,5 % de OTI agus an tsolúbthacht a úsáideadh go dtí 2026 faoi Mholtaí an 21 Eanáir 2025 agus an 8 Iúil 2025.

Tá an tsolúbthacht a úsáideadh go dtí 2026 le ríomh agus le cur in iúl ag an gCoimisiún in earrach 2027 ar bhonn sonraí olltoraidh le haghaidh 2026.

(3) Sna blianta tar éis 2028, beidh cead fós ag an tSeicia imeacht ó na huasrátaí fáis glanchaiteachais a leagtar amach le Moladh ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagail 17, 19 nó 20 de Rialachán (AE) 2024/1263, agus na huasrátaí sin a shárú, a mhéid a bhaineann an glanchaiteachas atá de bhreis ar na huasrátaí fáis sin le seachadtaí trealaimh mhíleata ar síníodh conradh ina leith roimh dheireadh 2028 agus a mhéid a fhanann an glanchaiteachas sin laistigh den teorainn fhoriomlán a luaitear i bpointe 2.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 22(7) de Rialachán (AE) 2024/1263, na dialltaí ó na huasrátaí fáis glanchaiteachais arna leagan síos ag an gComhairle agus a cheadaítear

leis an Moladh seo, ní dhéanfar iad a thaifeadadh mar dhochair i gcuntas rialaithe na Seicia.

(5) Chun a áirithiú go ndéanfar an caiteachas breise a thaifeadadh i gceart, áireoidh an tSeicia sonraí iarbhír agus sonraí beartaithe maidir le caiteachas cosanta iomlán (rannán 02 de COFOG), lena n-áirítear infheistíocht chosanta (rannán 02 P.51 de COFOG), agus aon chaiteachas atá le maoiniú le hiasachtaí SAFE nach gcumhdaítear in COFOG-02:

(a) le haghaidh na mblianta t-4, t-3, t-2 agus t-1 (sa chás inarb í bliain T an bhliain reatha), sa tuairisciú don Choimisiún (Eurostat) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 479/2009 ón gComhairle ([15]);

(b) le haghaidh na mblianta 2021 go bliain T (an bhliain reatha), i bpleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta agus i dtuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn i gcomhréir le hAirteagail 11(1) agus 15, agus Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2024/1263.

Is chuig an tSeicia a dhírítear an moladh seo.

IARSCRÍBHINN I

Uasrátaí fáis glanchaiteachais

(rátaí fáis bliantúla agus carnacha, i dtéarmaí ainmniúla)

an tSeicia

Blianta		2027	2028	2029	2030
Rátaí fáis (%)	Bliantúil	5,4	2,7	2,4	2,2
	Carnach (*)	12,1	15,2	17,9	20,5

(*) Ríomhtar na rátaí fáis carnacha faoi threoir na bonnbhliana 2025. Úsáidtear na rátaí fáis carnacha san fhaireachán bliantúil ar chomhlíonadh *ex post* sa chuntas rialaithe.
Tabhair faoi deara: I gcás 2026, na huasrátaí fáis glanchaiteachais bliantúla agus carnacha a leagtar síos leis an Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025, tá siad fós ábhartha agus beidh siad faoi réir measúnuithe ar chomhlíontacht a dhéanfaidh an Coimisiún ar bhonn sonraí olltoraidh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

[15] Rialachán (CE) Uimh. 479/2009 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2009 maidir le cur i bhfeidhm an Phrótacail maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach atá i gceangal leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh (IO L 145, 10.6.2009, lgh. 1-9, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/479/2014-09-01).